**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1134 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8 Meitheamh 2023**

**maidir le bearta chun cosc a chur ar *Spodoptera frugiperda* (Smith) a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a bhunú agus a leathadh laistigh de, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a), (b), (d), (e), (f), (h) agus (i), agus Airteagal 41(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear *Spodoptera frugiperda* (Smith) ('an lotnaid shonraithe') i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]) mar lotnaid nach eol go dtagann sí chun cinn i gcríoch an Aontais. Liostaítear freisin í mar lotnaid tosaíochta san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638 ón gCoimisiún ([4]) bunaítear bearta chun cosc a chur ar an lotnaid sin a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a leathadh laistigh di.

(3) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638, tá an lotnaid shonraithe fós ag leathadh ar fud an domhain agus i dtreo chríoch an Aontais. I mí Eanáir 2023 deimhníodh go hoifigiúil go raibh sí i láthair sa Chipir.

(4) Thairis sin, tá an líon cásanna nár comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le láithreacht na lotnaide sonraithe ar thráchtearraí allmhairithe fós ard agus tá an líon speiceas plandaí ar a n-idircheaptar an lotnaid shonraithe ag dul in airde.

(5) I bhfianaise leathadh leanúnach na lotnaide sonraithe, i bhfianaise gur braitheadh i gcríoch an Aontais í le déanaí agus i bhfianaise na gcásanna nár comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le trádáil i bplandaí áirithe, tá gá le bearta chun an tAontas a chosaint ar an lotnaid sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart plandaí áirithe ('plandaí sonraithe') a liostú sa Rialachán seo agus ba cheart na plandaí sin a bheith faoi réir ceanglais shonraithe. Ba cheart a áireamh i liosta na bplandaí sonraithe na speicis plandaí a bhfuil gaol idir a dtabhairt isteach san Aontas agus neamhchomhlíonadh reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le láithreacht na lotnaide sonraithe.

(7) Ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna bliantúla a dhéanamh maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe, ar suirbhéanna iad ina mbaintear úsáid as cur chuige rioscabhunaithe i gcomhréir leis an bhfaisnéis eolaíoch agus theicniúil is déanaí, agus iad bunaithe ar Chárta Suirbhé Lotnaidí an Údaráis ar *Spodoptera frugiperda* ([5]) a d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'). Chun forbhreathnú níos fearr ar láithreacht na lotnaide sonraithe a áirithiú, liostaítear plandaí óstacha na lotnaide sonraithe, ar plandaí óstacha iad ar ceart suirbhé a dhéanamh orthu, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta na lotnaidí tosaíochta a bhunú (IO L 260, 11.10.2019, lch. 8).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2018 lena mbunaítear bearta éigeandála chun cosc a chur ar an orgánach díobhálach *Spodoptera frugiperda* (Smith) a thabhairt isteach san Aontas agus a leathadh laistigh de (IO L 105, 25.4.2018, lch. 31).

([5]) Cárta Suirbhé Lotnaidí ar *Spodoptera frugiperda*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2020:EN-1895. 29 lch., doi:10.2903/sp.efsa.2020.EN-1895.

(8) Ba cheart do na Ballstáit plean teagmhais maidir leis an lotnaid shonraithe a tharraingt suas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031. Chun cur chuige comhchuibhithe a bhaint amach i measc na mBallstát, is gá rialacha sonracha a ghlacadh lena gcuirfear Airteagal 25 den Rialachán sin chun feidhme a mhéid a bhaineann le pleananna teagmhais maidir leis an lotnaid shonraithe, ar rialacha iad lena n-áirithítear go bhfuil na gnéithe uile is gá sa phlean i gcás ina mbraithfear an lotnaid shonraithe den chéad uair.

(9) Chun an lotnaid shonraithe a dhíothú agus chun a leathadh i gcríoch an Aontais a chosc, ba cheart do na Ballstáit limistéir chríochaithe a bhunú arb é atá iontu crios inmhíolaithe agus crios maolánach agus ba cheart dóibh bearta díothaithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart an crios maolánach a bheith 5 km ar leithead ar a laghad, gan dul thar 100 km ar leithead, ós rud é gur iomchuí raon den mhéid sin i bhfianaise chumas imirce na lotnaide sonraithe, láithreacht na bplandaí óstacha agus tréithe geografacha an limistéir.

(10) I gcásanna ina mbraitear an lotnaid shonraithe go haonarach, áfach, níor cheart é a bheith riachtanach limistéar críochaithe a bhunú más féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú ó na plandaí sin, agus má tá fianaise ann gur inmhíolaíodh na plandaí sin sular tugadh isteach sa limistéar iad, nó gur brath aonair atá i gceist agus nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid shonraithe dá dheasca nó gur brath i láithreán táirgthe atá i gceist a bhfuil aonrú fisiceach aige i gcoinne na lotnaide sonraithe nó i dteach gloine i limistéir nach féidir an lotnaid a bhunú amuigh faoin aer. Is é sin an cur chuige is comhréirí má dheimhnítear leis na suirbhéanna a dhéantar sa limistéar lena mbaineann nach bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair.

(11) Chun cosc a chur ar leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais, ba cheart na suirbhéanna ar an criosanna maolánacha a dhéanamh gach bliain an tráth is iomchuí den bhliain agus le déine leordhóthanach. Ba cheart deireadh a chur leis an gcríochú tar éis na suirbhéanna ar feadh am leordhóthanach chun a dheimhniú nach bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair.

(12) Ba cheart do na húdaráis inniúla bearta díothaithe a dhéanamh sna criosanna inmhíolaithe chun an lotnaid shonraithe a dhíothú. Áirítear leis na bearta sin na bearta rialaithe chun an lotnaid shonraithe a dhíothú agus chun aistriú ithreach ón limistéar inmhíolaithe a thoirmeasc.

(13) Ós rud é gur braitheadh an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais, tá údar le ceanglais speisialta a bhunú maidir le haistriú na bplandaí sonraithe amach as na limistéir chríochaithe.

(14) Na ceanglais speisialta maidir le torthaí *Capsicum* L., *Momordica* L., *Solanum aethiopicum* L., *Solanum macrocarpon* L. agus *Solanum melongena* L. agus plandaí *Zea mays* L. a allmhairiú isteach san Aontas, agus na forálacha maidir le hoibleagáidí na mBallstát a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638 i ndáil le suirbhéanna, ba cheart iad a áireamh sa Rialachán seo. Tá gá leis sin chun feabhas a chur ar an tsoiléireacht agus ar an gcinnteacht dhlíthiúil a bhaineann le cur i bhfeidhm na gceanglas ama maidir leis an lotnaid shonraithe. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin a aisghairm agus ba cheart an Rialachán seo a theacht i gcomharbacht air.

(15) Ní dhearnadh measúnú iomlán fós ar riosca fíteashláintíochta na lotnaide sonraithe, toisc go bhfuil éiginnteacht ann go fóill maidir le réimse a plandaí sonraithe. Is gá an measúnú sin a chríochnú i bhfianaise an lotnaid a bheith á brath i gcríoch an Aontais faoi láthair agus i bhfianaise í a bheith ag leathadh agus á bunú i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2025 chun deis a thabhairt meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar réimse na bplandaí sonraithe, ar na cásanna nár comhlíonadh reachtaíocht an Aontais i ndáil leis an lotnaid shonraithe agus ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh i gcríoch an Aontais.

(16) Plandaí *Asparagus officinalis* L., seachas gais a bhíonn clúdaithe le hithir ar feadh a saolré iomláine, pailin bheo, saothráin fíocháin plandaí agus síolta, ba cheart iad a liostú i gCuid A d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Tá gá leis sin chun Airteagal 72(1), pointí (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2016/2031 a chomhlíonadh, lena leagtar amach liostú na bplandaí lena mbaineann atá faoi réir na bhforálacha dá dtagraítear sna pointí sin.

(17) Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann leis an lotnaid shonraithe a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ba cheart feidhm a bheith ag an bhforáil maidir leis na pleananna teagmhais ón 1 Lúnasa 2023.

(18) Na ceanglais maidir leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú amach as na limistéir críochaithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Iúil 2023 chun a ndóthain ama a thabhairt d'údaráis inniúla, oibreoirí gnó agus tríú tíortha iad féin a chur in oiriúint do cheanglais a eascraíonn as na forálacha sin.

(19) Na ceanglais maidir le plandaí *Asparagus officinalis* L. a thabhairt isteach san Aontas, seachas gais a bhíonn clúdaithe le hithir ar feadh a saolré iomláine, pailin bheo, saothráin fíocháin plandaí agus síolta, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Meán Fómhair 2023. Tá gá leis sin chun a ndóthain ama a thabhairt d'údaráis inniúla na dtríú tíortha na suirbhéanna lena mbaineann a dhéanamh maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe ar na plandaí sin.

(20) Dá bhrí sin, maidir le hAirteagal 3 agus 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638 i ndáil leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart feidhm a bheith acu go fóill go dtí an 30 Meitheamh 2023, chun aon bhearna dhlíthiúil a sheachaint agus chun a áirithiú go mbeidh tabhairt isteach na bplandaí lena mbaineann san Aontas fós faoi réir ceanglais iomchuí i gcoinne láithreacht na lotnaide sonraithe.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Sa Rialachán seo leagtar amach bearta chun cosc a chur ar *Spodoptera frugiperda* (Smith) a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus chun a leathadh agus a bunú sa chríoch sin a chosc.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'lotnaid shonraithe' *Spodoptera frugiperda* (Smith);

(2) ciallaíonn 'plandaí sonraithe':

(a) torthaí *Capsicum* L., *Momordica* L., *Solanum aethiopicum* L., *Solanum macrocarpon* L. agus *Solanum melongena* L.;

(b) plandaí *Asparagus officinalis* L., seachas gais a bhíonn clúdaithe le hithir ar feadh a saolré iomláine, pailin bheo, saothráin fíocháin plandaí agus síolta;

(c) plandaí *Zea mays* L., seachas pailin bheo, saothráin fíocháin plandaí, síolta agus gránaigh;

(d) plandaí *Chrysanthemum* L., *Dianthus* L. agus *Pelargonium* l'Hérit. ex Ait., seachas síolta;

(3) ciallaíonn 'plandaí óstacha' plandaí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 3*

**Suirbhéanna ar chríoch an Aontais**

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla, gan dochar do na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2016/2031, suirbhéanna rioscabhunaithe bliantúla maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe ar phlandaí óstacha, ag tráthanna iomchuí den bhliain, ar bhonn na faisnéise eolaíche agus teicneolaíche dá dtagraítear i gCárta Suirbhé Lotnaidí an Údaráis ar *Spodoptera frugiperda*.

2. Déanfar na suirbhéanna sin go háirithe:

(a) ar bhonn leibhéal an riosca fíteashláintíochta chomhfhreagraigh;

(b) i limistéir atá gar do réigiúin arb eol go bhfuil an lotnaid i láthair iontu;

(c) i limistéir ina dtagann plandaí óstacha isteach i gcríoch an Aontais, i limistéir ina ndéantar láimhseáil agus athphacáistiú orthu, agus i limistéir ina ndiúscraítear dramhaíl uathu;

(d) ag aerfoirt agus calafoirt;

(e) i bplandlanna, in ionaid gharraíodóireachta agus i siopaí miondíola, de réir mar is iomchuí;

(f) i láithreáin táirgthe a bhfuil aonrú fisiceach acu i gcoinne na lotnaide sonraithe agus i dtithe gloine, ar bhonn cigireachtaí amhairc.

3. Is éard a bheidh sna suirbhéanna go háirithe:

(a) úsáid gaistí, amhail gaistí fearamóin nó gaistí solais, agus i gcás inmhíolú amhrasta leis an lotnaid shonraithe, bailiú samplaí agus sainaithint;

(b) cigireacht amhairc, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 4*

**Pleananna teagmhais**

1. Áireoidh gach Ballstát ina phlean teagmhasach, i dteannta na n-oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031, na gníomhaíochtaí atá le déanamh ina chríoch maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na nósanna imeachta maidir le húinéirí na bplandaí atá le scriosadh a shainaithint, rochtain a fháil ar réadmhaoine príobháideacha agus fógra a thabhairt faoin ordú díothaithe;

(b) na nósanna imeachta maidir le slógadh na tacaíochta airgeadais is gá chun an lotnaid shonraithe a dhíothú;

(c) i gcás inarb iomchuí, faisnéis maidir le pátrúin ghaoithe i gcríoch na mBallstát ar pátrúin ghaoithe iad a d'éascódh imirce na lotnaide sonraithe;

(d) liosta na modhanna rialaithe maidir leis an lotnaid, ar liosta é a choinneofar cothrom le dáta ar bhonn na faisnéise eolaíche agus teicneolaíche is déanaí.

2. Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna teagmhais a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí, faoin 31 Nollaig gach bliain.

*Airteagal 5*

**Limistéir chríochaithe a bhunú**

1. I gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéar críochaithe gan mhoill arb é a bheidh ann:

(a) crios inmhíolaithe ina n-áireofar an suíomh ina bhfuil na plandaí inmhíolaithe agus na plandaí uile a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe laistigh de gha 100 m timpeall an phointe inar braitheadh an lotnaid shonraithe; agus

(b) crios maolánach nach lú ná 5 km agus nach mó ná 100 km ar leithead, thar theorainn an limistéir inmhíolaithe.

Féadfar an crios maolánach a leathnú chun breis agus 100 km a chumhdach má mheasann an Ballstát go bhfuil gá leis sin chun a chríoch a chosaint ón lotnaid shonraithe.

2. I dteorannú an limistéir chríochaithe cuirfear san áireamh na prionsabail eolaíocha, bitheolaíocht na lotnaide sonraithe, lena n-áirítear sonraí maidir le cumas imirce, leibhéal an inmhíolaithe, tréithe geografacha an limistéir, dáileadh sonrach na bplandaí óstacha sa limistéar lena mbaineann agus an fhianaise maidir le bunú na lotnaide sonraithe ann.

3. Laistigh de na limistéir chríochaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla feasacht an phobail a ardú maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta a glacadh chun a leathadh breise lasmuigh de na limistéir sin a chosc. Áiritheoidh siad go bhfuil an pobal i gcoitinne agus na hoibreoirí gairmiúla ar an eolas faoi theorannú na limistéar críochaithe.

*Airteagal 6*

**Maoluithe ar limistéir chríochaithe a bhunú**

1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfaidh na húdaráis inniúla rogha a dhéanamh gan limistéar críochaithe a bhunú má chomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá fianaise ann gur tugadh an lotnaid shonraithe isteach sa limistéar leis na plandaí ar ar braitheadh í agus go raibh na plandaí sin inmhíolaithe sular tugadh isteach iad sa limistéar lena mbaineann, agus nár tharla aon mhéadú ar an lotnaid shonraithe;

(b) tá fianaise ann gur brath aonair atá i gceist agus nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid shonraithe dá dheasca;

(c) deimhnítear an lotnaid shonraithe go hoifigiúil i láithreán táirgthe a bhfuil aonrú fisiceach aige ina coinne;

(d) deimhnítear an lotnaid shonraithe go hoifigiúil i dteach gloine, agus tá fianaise ann nach bhfuil an lotnaid shonraithe in ann maireachtáil sna dálaí geimhridh lasmuigh den teach gloine sin.

2. I gcás ina n-úsáideann an t-údarás inniúil an maolú dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) bearta chun díothú pras na lotnaide sonraithe a áirithiú agus chun an fhéidearthacht go leathfadh sí a eisiamh;

(b) an líon gaistí a mhéadú láithreach, mar aon leis an minicíocht lena ndéantar na gaistí a sheiceáil sa limistéar sin;

(c) na cigireachtaí amhairc a threisiú, lena n-áirítear sirtheoireacht sna láithreáin táirgthe;

(d) suirbhé a dhéanamh trí bhíthin gaistí i limistéar atá 5 km ar leithead ar a laghad timpeall na bplandaí inmhíolaithe, nó timpeall an láithreáin táirgthe inar braitheadh an lotnaid shonraithe, agus sin go tráthrialta agus go dian ar feadh dhá bhliain ar a laghad. I limistéir nach bhfuil an lotnaid shonraithe in ann maireachtáil iontu sna dálaí geimhridh féadfar an suirbhé a dhéanamh sa tréimhse roimh thús dhálaí an gheimhridh gan dul thairis sin;

(e) feasacht an phobail a ardú maidir leis an mbagairt a bhaineann leis an lotnaid shonraithe; agus

(f) aon bheart iomchuí eile a dhéanamh chun an lotnaid shonraithe a dhíothú.

*Airteagal 7*

**Suirbhéanna i limistéir chríochaithe**

Sa bhreis ar na ceanglais a shonraítear in Airteagal 3 i ndáil le suirbhéanna, áireofar na bearta seo a leanas sna suirbhéanna a dhéanfar sna limistéir chríochaithe:

(a) líon méadaithe gaistí agus minicíocht níos airde lena ndéantar na gaistí a sheiceáil;

(b) sirtheoireacht i láithreáin táirgthe ina bhfástar plandaí óstacha; agus

(c) dearadh suirbhé agus scéim samplála a úsáidtear le haghaidh suirbhéanna braite lena bhféadfar láithreacht de 1 % den lotnaid shonraithe a shainaithint le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad.

*Airteagal 8*

**Deireadh a chur leis an gcríochú**

Féadfar deireadh a chur leis an gcríochú nuair nach mbraitear an lotnaid shonraithe sa limistéar críochaithe ar feadh dhá bhliain as a chéile ar a laghad, ar bhonn na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 7.

I limistéir nach bhfuil an lotnaid shonraithe in ann maireachtáil iontu sna dálaí geimhridh féadfar an suirbhé a dhéanamh sa tréimhse roimh thús dhálaí an gheimhridh gan dul thairis sin.

*Airteagal 9*

**Bearta díothaithe**

Sna criosanna inmhíolaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta uile seo a leanas chun an lotnaid shonraithe a dhíothú:

(a) cóireálacha iomchuí i gcoinne na lotnaide sonraithe, i ngach céim dá forbairt, ar cóireálacha iad ina gcuirfear cineál imirceach na lotnaidí fásta, dáileadh na bplandaí óstacha agus nósanna beathaithe a larbhaí san áireamh;

(b) toirmeasc ar aistriú an chisil uachtaraigh den ithir agus na ndamhnaí fáis amach ón gcrios inmhíolaithe, murar chomhlíon na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann ceann de na coinníollacha seo a leanas, faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil:

(i) bhí an ithir nó an damhna fáis faoi réir bearta iomchuí chun an lotnaid shonraithe a dhíothú agus iompraíodh é laistigh d'fheithiclí dúnta lena n-áirithítear nach mbeidh an lotnaid shonraithe in ann leathadh;

(ii) iompraítear an ithir nó an damhna fáis i bhfeithiclí dúnta lena n-áirithítear nach mbeidh an lotnaid shonraithe in ann leathadh agus cuirtear i dtalamh go domhain iad i líonadh talún.

*Airteagal 10*

**Na plandaí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas**

1. Na plandaí sonraithe, seachas plandaí *Chrysanthemum* L., *Dianthus* L. agus *Pelargonium* l'Hérit. ex Ait., ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann siad ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) tá siad de thionscnamh tíre nach eol go dtagann an lotnaid chun cinn inti;

(b) tá siad de thionscnamh limistéir atá saor ón lotnaid shonraithe, de réir mar a shuigh an Eagraíocht Náisiúnta Cosanta Plandaí lena mbaineann, i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta Uimh. 4; luafar ainm an limistéir sin sa deimhniú fíteashláintíochta faoin rúibric 'áit tionscnaimh';

(c) roimh an onnmhairiú bhí siad faoi réir cigireacht oifigiúil agus fuarthas go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe, agus tagann siad ó láithreán táirgthe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá sé cláraithe agus faoi mhaoirseacht Eagraíocht Náisiúnta Cosanta Plandaí na tíre tionscnaimh;

(ii) rinneadh cigireachtaí oifigiúla i rith na 3 mhí dheiridh roimh an onnmhairiú, agus níor braitheadh go raibh an lotnaid shonraithe i láthair ar na plandaí sonraithe;

(iii) tá aonrú fisiceach aige i gcoinne thabhairt isteach na lotnaide sonraithe;

(iv) áirithíodh faisnéis lena n-áirithítear inrianaitheacht na bplandaí sonraithe chuig an láithreán táirgthe sin le linn a n-aistriú roimh an onnmhairiú;

(d) roimh a n-onnmhairiú bhí siad faoi réir cigireacht oifigiúil agus fuarthas go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe, agus tagann siad ó láithreán táirgthe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá sé cláraithe agus faoi mhaoirseacht Eagraíocht Náisiúnta Cosanta Plandaí na tíre tionscnaimh;

(ii) rinneadh cigireachtaí oifigiúla i rith na 3 mhí roimh an onnmhairiú, agus níor braitheadh go raibh an lotnaid shonraithe i láthair ar na plandaí sonraithe;

(iii) bhí na plandaí sonraithe faoi réir cóireáil éifeachtach chun a áirithiú go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe;

(iv) áirithíodh faisnéis lena n-áirithítear inrianaitheacht na bplandaí sonraithe chuig an láithreán táirgthe sin le linn a n-aistriú roimh an onnmhairiú;

(e) bhí siad faoi réir cóireáil éifeachtach tar éis a mbuainte chun a áirithiú go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe, agus sonraítear an chóireáil sin ar an deimhniú fíteashláintíochta.

2. Beidh deimhniú fíteashláintíochta ag gabháil leis na plandaí sonraithe ina ndéanfar, faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise', tagairt don Rialachán seo, tagairt don phointe lena mbaineann i mír 1 a chomhlíonann sé, agus ina luaitear foclaíocht iomlán na rogha lena mbaineann dá dtagraítear sa mhír sin.

*Airteagal 11*

**Na plandaí sonraithe a aistriú laistigh de chríoch an Aontais**

1. Na plandaí sonraithe, seachas plandaí *Chrysanthemum* L., *Dianthus* L. agus *Pelargonium* l'Hérit. ex Ait., ar plandaí iad a chaith cuid dá saol i limistéir chríochaithe a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 5, ní fhéadfar iad a aistriú amach as na limistéir chríochaithe ach amháin má chomhlíonann siad ceann de na ceanglais seo a leanas agus má tá pas plandaí ag gabháil leo a eisíodh tar éis é a bheith fianaithe gur comhlíonadh ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) roimh a n-aistriú bhí siad faoi réir cigireachta agus fuarthas go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe, agus tagann siad ó láithreán táirgthe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá sé cláraithe chun ceanglais an Rialacháin seo a rialú;

(ii) rinneadh cigireachtaí oifigiúla i rith na 3 mhí roimh an aistriú, agus níor braitheadh go raibh an lotnaid shonraithe i láthair ar na plandaí sonraithe;

(iii) tá aonrú fisiceach aige i gcoinne thabhairt isteach na lotnaide sonraithe;

(iv) áirithíodh faisnéis lena n-áirithítear inrianaitheacht na bplandaí sonraithe chuig an láithreán táirgthe sin roimh an aistriú amach as na limistéir chríochaithe;

(b) roimh a n-aistriú, bhí siad faoi réir cigireacht oifigiúil agus fuarthas go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe, agus tagann siad ó láithreán táirgthe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá sé cláraithe chun ceanglais an Rialacháin seo a rialú;

(ii) rinneadh cigireachtaí oifigiúla i rith na 3 mhí roimh an aistriú, agus níor braitheadh go raibh an lotnaid shonraithe i láthair ar na plandaí sonraithe;

(iii) bhí na plandaí sonraithe faoi réir cóireáil éifeachtach chun a áirithiú go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe;

(iv) áirithíodh faisnéis lena n-áirithítear inrianaitheacht na bplandaí sonraithe chuig an láithreán táirgthe sin roimh a n-aistriú amach as na limistéir chríochaithe;

(c) bhí siad faoi réir cóireáil éifeachtach tar éis a mbuainte chun a áirithiú go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe.

2. Plandaí *Chrysanthemum* L., *Dianthus* L. agus *Pelargonium* l'Hérit. ex Ait., seachas síolta, ar plandaí iad de thionscnamh limistéar críochaithe a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 5, ní fhéadfar iad a aistriú amach as na limistéir chríochaithe ach amháin má chomhlíonann siad ceann de na ceanglais seo a leanas agus má tá pas plandaí ag gabháil leo a eisíodh tar éis é a bheith fianaithe gur comhlíonadh ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) níor tugadh aon comhartha den lotnaid shonraithe faoi deara ag an láithreán táirgthe ó bhí tús an timthrialla iomláin deiridh den fhásra ann;

(b) bhí na plandaí faoi réir cóireáil iomchuí chun iad a chosaint ar an lotnaid shonraithe.

*Airteagal 12*

**Tuairisciú**

Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile:

(a) torthaí na suirbhéanna a rinneadh de bhun Airteagal 3(1), lasmuigh de na limistéir chríochaithe, i rith na bliana féilire roimhe sin, agus úsáid á baint as na teimpléid dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún ([6]);

([6]) IO L 280, 28.8.2020, lch. 1.

(b) tuarascáil maidir leis na bearta a rinneadh i rith na bliana féilire roimhe sin de bhun an Rialacháin seo, agus maidir le torthaí na mbeart dá bhforáiltear in Airteagail 5 go 9;

(c) torthaí na suirbhéanna a rinneadh, de bhun Airteagal 7, sna limistéir chríochaithe, i rith na bliana féilire roimhe sin, agus úsáid á baint as ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 13*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072**

Cuirtear an pointe 13 seo a leanas le Cuid A d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072:

| | | |
|---|---|---|
| '13. Plandaí *Asparagus officinalis* L., seachas gais a bhíonn clúdaithe le hithir ar feadh a saolré iomláine, pailin bheo, saothráin fíocháin plandaí agus síolta | Glasraí eile, iad úr nó fuaraithe:<br>— *Asparagus*<br>**ex 0709 20 00** | Tríú tíortha seachas an Eilvéis' |

*Airteagal 14*

**Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638 a aisghairm**

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638.

Beidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 den Chinneadh sin go dtí an 30 Meitheamh 2023.

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 4 ón 1 Lúnasa 2023.

Beidh feidhm ag Airteagail 10 agus 11 ón 1 Iúil 2023.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 10 ón 1 Meán Fómhair 2023 maidir le plandaí *Asparagus officinalis* L. a thabhairt isteach san Aontas, seachas gais a bhíonn clúdaithe le hithir ar feadh a saolré iomláine, pailin bheo, saothráin fíocháin plandaí agus síolta.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Liosta de na plandaí óstacha**

*Abelmoschus esculentus* (L.) Moench

*Acalypha* L.

*Agrostis gigantea* Roth

*Agrostis stolonifera* L.

*Alcea rosea* L.

*Allium cepa* L.

*Allium sativum* L.

*Amaranthus quitensis* Kunth

*Amaranthus spinosus* L.

*Andropogon virginicus* L.

*Arachis hypogaea* L.

*Asclepias* L.

*Asparagus officinalis* L.

*Asplenium nidus* L.

*Atropa belladonna* L.

*Avena sativa* L.

*Avena strigosa* Schreb.

*Beta vulgaris* L.

*Brassica napus* L.

*Brassica oleracea* L.

*Brassica rapa* L.

*Cajanus cajan* (L.) Huth

*Capsicum* L.

*Carduus* L.

*Carex* L.

*Carica papaya* L.

*Carya illinoinensis* (Wangenh.) K.Koch

*Cenchrus incertus* M.A.Curtis

*Chenopodium album* L.

*Chenopodium quinoa* Willd.

*Chloris gayana* Kunth

*Chrysanthemum* L.

*Cicer arietinum* L.

*Cichorium intybus* L.

*Citrullus lanatus* (Thunb.) Matsum. & Nakai

*Citrus aurantium* L.

*Citrus limon* (L.) Osbeck

*Citrus reticulata* Blanco

*Citrus sinensis* (L.) Osbeck

*Codiaeum variegatum* (L.) A.Juss.

*Coffea arabica* L.

*Convolvulus arvensis* L.

*Cucumis melo* L.

*Cucumis sativus* L.

*Cucurbita argyrosperma* K.Koch

*Cucurbita maxima* Lam.

*Cydonia oblonga* Mill.

*Cynara cardunculus* L.

*Cynodon dactylon* (L.) Pers.

*Cyperus rotundus* L.

*Dactyloctenium aegyptium* (L.) Willd.

*Dahlia pinnata* Cav.

*Dendranthema grandiflorum* (Ramat.) Kitam.

*Dianthus* L.

*Digitaria* Haller

*Digitaria sanguinalis* (L.) Scop.

*Echinochloa colona* (L.) Link

*Echinochloa crus-galli* (L.) P.Beauv.

*Eleusine indica* (L.) Gaertn.

*Elymus repens* (L.) Gould

*Eremochloa ophiuroides* Hack.

*Eriochloa punctata* (L.) Ham.

*Eryngium foetidum* L.

*Eucalyptus camaldulensis* Dehnh.

*Eucalyptus urophylla* S.T.Blake

*Fagopyrum esculentum* Moench

*Festuca arundinacea* Schreb.

*Ficus* L.

*Fragaria ananassa* (Duchesne ex Weston) Duchesne ex Rosier

*Fragaria chiloensis* (L.) Mill.

*Fragaria vesca* L.

*Gladiolus* L. and *Gladiolus* L. *hybrids*

*Glycine max* (L.) Merr.

*Gossypium herbaceum* L.

*Gossypium hirsutum* L.

*Helianthus annuus* L.

*Hevea brasiliensis* (Willd. ex Juss.) Müll.Arg.

*Hibiscus cannabinus* L.

*Hordeum vulgare* L.

*Ipomoea batatas* (L.) Lam.

*Ipomoea purpurea* (L.) Roth

*Lactuca sativa* L.

*Lespedeza bicolor* Turcz.

*Linum usitatissimum* L.

*Lolium multiflorum* Lam.

*Malpighia glabra* L.

*Malus domestica* (Suckow) Borkh.

*Mangifera indica* L.

*Maranta* L.

*Medicago sativa* L.

*Megathyrsus maximus* (Jacq.) B.K.Simon & S.W.L.Jacobs

*Melilotus albus* Medik.

*Miscanthus giganteus* J.M.Greef & Deuter ex Hodk. & Renvoize

*Momordica* L.

*Mucuna pruriens* (L.) DC

*Musa paradisiaca* L.

*Nicotiana tabacum* L.

*Oryza sativa* L.

*Panicum miliaceum* L.

*Panicum virgatum* L.

*Paspalum dilatatum* Poir.

*Paspalum distichum* L.

*Paspalum fimbriatum* Kunth

*Paspalum notatum* Flüggé

*Paspalum urvillei* Steud.

*Passiflora laurifolia* L.

*Pelargonium* l'Hérit. ex Ait.

*Pennisetum clandestinum* Hochst. ex Chiov.

*Pennisetum glaucum* (L.) R.Br.

*Phalaris canariensis* L.

*Phaseolus lunatus* L.

*Phaseolus vulgaris* L.

*Phleum pratense* L.

*Pinus caribaea* Morelet

*Piper* L.

*Pisum sativum* L.

*Platanus occidentalis* L.

*Plumeria* Tourn. ex L.

*Plumeria rubra* L.

*Poa annua* L.

*Poa pratensis* L.

*Portulaca oleracea* L.

*Prunus persica* (L.) Batsch

*Psidium guajava* L.

*Pueraria montana* (Lour.) Merr.

*Pyrus communis* L.

*Raphanus sativus* L.

*Ricinus communis* L.

*Rosa* L.

*Saccharum officinarum* L.

*Schlumbergera truncata* (Haw.) Moran

*Secale cereale* L.

*Sesamum indicum* L.

*Setaria italica* (L.) P.Beauv.

*Setaria parviflora* (Poir.) Kerguélen

*Setaria viridis* (L.) P.Beauv.

*Solanum aethiopicum* L.

*Solanum lycopersicum* L.

*Solanum macrocarpon* L.

*Solanum melongena* L.

*Solanum tuberosum* L.

*Sorghum bicolor* (L.) Moench

*Sorghum caffrorum* (Retz.) P.Beauv.

*Sorghum halepense* (L.) Pers.

*Sorghum sudanense* (Piper) Stapf

*Spinacia oleracea* L.

*Tanacetum cinerariifolium* (Trevis.) Sch.Bip.

*Taraxacum officinale* F.H.Wigg.

*Terminalia catappa* L.

*Trifolium* Tourn. ex L.

*Trifolium incarnatum* L.

*Trifolium pratense* L.

*Trifolium repens* L.

*Triticum aestivum* L.

*Urochloa decumbens* (Stapf) R.D.Webster

*Urochloa mutica* (Forssk.) T.Q.Nguyen

*Urochloa ramosa* (L.) T.Q.Nguyen

*Urochloa texana* (Buchl.) R.D.Webster

*Vaccinium corymbosum* L.

*Vicia faba* L.

*Vigna unguiculata* (L.) Walp.

*Viola* L.

*Vitis vinifera* L.

*Wisteria sinensis* (Sims) DC.

*Xanthium strumarium* L.

*Zea mays* L.

*Zingiber officinale* Roscoe

*Zoysia* Willd.

*IARSCRÍBHINN II*

**Teimpléid chun torthaí na suirbhéanna arna ndéanamh de bhun Airteagal 7 a thuairisciú**

CUID A

1. **Teimpléad chun torthaí suirbhéanna bliantúla a thuairisciú**

| 1. **Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (LC)** | | 2. **Méid tosaigh an LC (ha)** | 3. **Méid an LC (ha) agus é tugtha cothrom le dáta** | 4. **Cur chuige (díothú)** | 5. **Crios** | 6. **Láithreáin suirbhéireachta** | | 7. **Limistéir riosca a sainaithníodh** | 8. **Limistéir riosca a ndearnadh cigireacht orthu** | 9. **Ábhar plandaí/Tráchtearra** | 10. **Liosta de na speicis plandaí óstacha** | 11. **Uainiú** | 12. **Sonraí an tsuirbhé**<br>A) An líon scrúduithe amhairc<br>B) An líon iomlán samplaí a tógadh<br>C) Na cineálacha gaistí (nó modh malartach eile (e.g. líonta scuabtha))<br>D) An líon gaistí (nó modh gabhála eile)<br>E) An líon láithreán gaisteoireachta, nuair nach ionann iad agus na sonraí a tuairiscíodh in (D)<br>F) An cineál tástálacha (e.g. sainaithint mhicreascópach, ISP, ELISA, etc.)<br>G) An líon iomlán tástálacha<br>H) Bearta eile (e.g. madraí bolaíochta, ladrainn, héileacaptair, feachtais ardaithe feasachta etc.)<br>I) An líon beart eile | | | | | | | | | 13. **An líon samplaí a raibh siomptóim orthu a ndearnadh anailís orthu:**<br>i: Iomlán<br>ii: Deimhneach<br>iii: Diúltach<br>iv: Neamhchinnte | | | | 14. **An líon samplaí nach raibh siomptóim orthu a ndearnadh anailís orthu:**<br>i: Iomlán<br>ii: Deimhneach<br>iii: Diúltach<br>iv: Neamhchinnte | | | | 15. **Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715** | | 16. **Nótaí** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm** | **Dáta a bhunaithe** | | | | | **Tuairisc** | **Uimhir** | | | | | | **A** | **B** | **C** | **D** | **E** | **F** | **G** | **H** | **I** | i | ii | iii | iv | i | ii | iii | iv | **Uimhir** | **Dáta** | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

## 2. **Treoracha maidir le conas an teimpléad a líonadh isteach**

Má líontar isteach an teimpléad seo, níl an teimpléad i gCuid B den Iarscríbhinn seo le líonadh isteach.

Le haghaidh cholún 1: Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) sin a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Sonraigh méid an LC roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Sonraigh méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú. Cuir isteach an oiread rónna agus is gá, de réir an líon LC in aghaidh na lotnaide agus de réir na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an suirbhé, agus an oiread rónna agus is gá á gcur isteach: Crios inmhíolaithe (CI) nó crios maolánach (CM), i rónna ar leith. Nuair is infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh cóngarach don CM, timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Sonraigh uimhir na láithreán suirbhéireachta agus an tuairisc orthu, trí cheann de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgthe):
   - 1.1. gort (arúil, féarach);
   - 1.2. úllord/fíonghort;
   - 1.3. plandlann;
   - 1.4. foraois;
2. Faoin aer (eile):
   - 2.1. gairdín príobháideach;
   - 2.2. láithreáin phoiblí;
   - 2.3. limistéar caomhnaithe;
   - 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad;
   - 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.);
3. Dálaí atá dúnta go fisiceach:
   - 3.1. teach gloine;
   - 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine;
   - 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine;
   - 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

| | |
|---|---|
| Le haghaidh cholún 7: | Sonraigh cé na limistéir riosca a shainaithnítear ar bhonn bhitheolaíocht na lotnaide nó na lotnaidí, láithreacht plandaí óstacha, dálaí éicea-aeráide agus suíomhanna riosca. |
| Le haghaidh cholún 8: | Sonraigh na limistéir riosca a áirítear sa suirbhé, ó na limistéir riosca sin a shainaithnítear i gcolún 7. |
| Le haghaidh cholún 9: | Sonraigh plandaí, torthaí, síolta, ithir, ábhar pacáistíochta, adhmad, innealra, feithiclí, uisce, eile, agus sonraigh an cás sonrach. |
| Le haghaidh cholún 10: | Sonraigh an liosta speiceas/géineas plandaí a ndearnadh suirbhé orthu, agus úsáid á baint as ró amháin in aghaidh an speicis/an ghéinis planda. |
| Le haghaidh cholún 11: | Sonraigh na míonna den bhliain ina ndearnadh an suirbhé. |
| Le haghaidh cholún 12: | Tabhair sonraí an tsuirbhé, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme. |
| I gcás cholúin 13 agus 14: | Sonraigh na torthaí, más infheidhme, agus soláthair an fhaisnéis atá ar fáil sna colúin chomhfhreagracha. Is éard is 'neamhchinntithe' ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte — neamhshainaitheanta, sean). |
| Le haghaidh cholún 15: | Sonraigh na fógraí faoi ráigeanna ón mbliain ina ndearnadh an suirbhé i leith brath sa CM. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 16 ('Nótaí'). |

## CUID B

1. **Teimpléad chun na torthaí a thuairisciú ó shuirbhéanna bliantúla atá bunaithe ar staidreamh**

| 1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (LC) | | 2. Méid tosaigh an LC (ha) | 3. Méid an LC (ha) agus é tugtha cothrom le dáta | 4. Cur chuige | 5. Crios | 6. Láithreáin suirbhéireachta | | 7. Uainiú | A. Sainiú an tsuirbhé (paraiméadair ionchuir le haghaidh RiBESS+) | | | | | | | | | | | | | | | | B. Iarracht samplála | | | | | | | C. Torthaí an tsuirbhé | | | | | | | 25. Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | 8. Sprioc-phobal | | | 9. Aonaid eipidéimeolaíocha | | 10. Modhanna braite | | | | 11. Éifeachtacht na samplála | 12. Íogaireacht an mhodha | 13. Tosca riosca (gníomhaíochtaí, suíomhanna agus limistéir) | | | | | 14. An líon aonad eipidéimeolaíoch a ndearnadh cigireacht orthu | 15. An líon scrúduithe amhairc | 16. An líon samplaí | 17. An líon gaistí | 18. An líon láithreán gaisteoireachta | 19. An líon tástálacha | 20. An líon beart eile | 21. Torthaí | | | 22. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 | | 23 An Leibhéal muiníne a baineadh amach | 24. Leitheadúlacht dearaidh | |
| Ainm | Dáta a bhunaithe | | | | | Tuairisc | Uimhir | | Speiceas óstach | Achar (ha nó aonad eile atá níos ábhartha) | Aonaid chigireachta | Tuairisc | Aonaid | Scrúduithe amhairc | Gaisteoireacht | Tástáil | Modhanna eile | | | Toisc riosca | Leibhéil riosca | An líon suíomhanna | Rioscaí coibhneasta | Cion an phobail óstaigh | | | | | | | | Deimhneach | Diúltach | Neamhchinntithe | Uimhir | Dáta | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

2. **Treoracha maidir le conas an teimpléad a líonadh isteach**

Mínigh na toimhdí bunúsacha le haghaidh dhearadh an tsuirbhé de réir na lotnaide. Déan achoimre orthu seo a leanas agus tabhair údar leo:

— an spriocphobal, an t-aonad eipidéimeolaíoch agus na haonaid chigireachta;

— an modh braite agus íogaireacht an mhodha;

— an toisc riosca nó na tosca riosca, agus sonraigh na leibhéil riosca agus rioscaí coibhneasta comhfhreagracha agus cion coibhneasta comhfhreagrach an phobail plandaí óstacha.

Le haghaidh cholún 1: Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) sin a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Sonraigh méid an LC roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Sonraigh méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú. Cuir isteach an oiread rónna agus is gá, de réir an líon LC in aghaidh na lotnaide agus de réir na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an suirbhé, agus an oiread rónna agus is gá á gcur isteach: Crios inmhíolaithe (CI) nó crios maolánach (CM), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh cóngarach don CM, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Sonraigh uimhir na láithreán suirbhéireachta agus an tuairisc orthu, trí cheann de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgthe):
   - 1.1 gort (arúil, féarach);
   - 1.2. úllord/fíonghort;
   - 1.3. plandlann;
   - 1.4. foraois;
2. Faoin aer (eile):
   - 2.1. gairdíní príobháideacha;
   - 2.2. láithreáin phoiblí;
   - 2.3. limistéar caomhnaithe;
   - 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad;
   - 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.);
3. Dálaí atá dúnta go fisiceach:
   - 3.1. teach gloine;
   - 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine;
   - 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine;
   - 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

Le haghaidh cholún 7: Sonraigh na míonna den bhliain ina ndearnadh na suirbhéanna.

Le haghaidh cholún 8: Sonraigh an spriocphobal a roghnaíodh agus soláthair dá réir liosta na speiceas/géineas agus an limistéar a cumhdaíodh. Sainmhínítear an spriocphobal mar iomlán na n-aonad cigireachta. De ghnáth, le haghaidh limistéir talmhaíochta, sainítear a mhéid i heicteáir, ach d'fhéadfadh gabháltais, goirt, tithe gloine, etc. a bheith i gceist. Tabhair údar leis an rogha a rinneadh sna toimhdí foluiteacha. Sonraigh na haonaid chigireachta a ndearnadh suirbhé orthu. Ciallaíonn 'aonad cigireachta' plandaí, codanna plandaí, tráchtearraí, ábhair, veicteoirí lotnaidí a ndearnadh grinnscrúdú orthu chun na lotnaidí a shainaithint agus a bhrath.

Le haghaidh cholún 9: Sonraigh na haonaid eipidéimeolaíocha a ndearnadh suirbhé orthu, agus sonraigh tuairisc agus aonad tomhais na n-aonad sin. Ciallaíonn 'aonad eipidéimeolaíoch' limistéar aonchineálach ina mbeadh an eipidéimeolaíocht chéanna mar thoradh ar na hidirghníomhaíochtaí idir an lotnaid, na plandaí óstacha agus na tosca agus na dálaí aibitheacha agus bitheacha, dá mbeadh an lotnaid i láthair. Is fo-rannán den spriocphobal iad na haonaid eipidéimeolaíocha, tá siad aonchineálach ó thaobh na heipidéimeolaíochta de, agus tá planda óstach amháin ar a laghad iontu. I gcásanna áirithe, féadfar an pobal óstach iomlán i réigiún/limistéar/tír a shainiú mar aonad eipidéimeolaíoch. D'fhéadfadh sé gur réigiúin iad um aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS), limistéir uirbeacha, foraoisí, gairdíní róis nó feirmeacha, nó heicteáir. Ní mór údar a thabhairt sna toimhdí foluiteacha maidir le rogha na n-aonad eipidéimeolaíoch.

Le haghaidh cholún 10: Sonraigh na modhanna a úsáideadh le linn an tsuirbhé, lena n-áirítear an líon gníomhaíochtaí i ngach cás, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis i gcolún áirithe.

Le haghaidh cholún 11: Sonraigh meastachán ar éifeachtacht na sampléála. Ciallaíonn éifeachtacht na sampléala an dóchúlacht go roghnófaí codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe. I gcás veicteoirí, is é atá inti éifeachtacht an mhodha chun veicteoir deimhneach a ghabháil nuair a bhíonn sé i láthair i limistéar an tsuirbhé. I gcás ithreach, is é atá inti an éifeachtacht lena roghnaítear sampla ithreach ina bhfuil an lotnaid nuair a bhíonn an lotnaid i láthair i limistéar an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 12: Ciallaíonn 'íogaireacht an mhodha' an dóchúlacht go mbraithfear láithreacht lotnaide i gceart le modh ar leith. Sainmhínítear íogaireacht an mhodha mar an dóchúlacht gur toradh deimhneach a bheidh ar thástáil ar óstach atá deimhneach i ndáiríre. Is é atá inti éifeachtacht na sampléala (i.e. an dóchúlacht go roghnófar codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe) arna hiolrú faoin íogaireacht dhiagnóiseach (arna saintréithiú tríd an gcigireacht amhairc agus/nó an tástáil saotharlainne a úsáidtear sa phróiseas sainaitheantais).

Le haghaidh cholún 13: Sonraigh na tosca riosca i rónna éagsúla, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá. I gcás gach toisce riosca, sonraigh an leibhéal riosca agus an riosca coibhneasta comhfhreagrach agus cion an phobail óstaigh.

Le haghaidh cholún B: Tabhair sonraí an tsuirbhé, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme. Baineann an fhaisnéis atá le soláthar sna colúin seo leis an bhfaisnéis a áirítear i gcolún 10 'Modhanna braite'.

Le haghaidh cholún 18: Sonraigh an líon láithreán gaisteoireachta i gcás nach ionann an líon sin agus an líon gaistí (colún 17) (e.g. úsáidtear an gaiste céanna in áiteanna éagsúla).

Le haghaidh cholún 21: Sonraigh an líon samplaí a fuarthas deimhneach, diúltach nó neamhchinntithe. Is éard is 'neamhchinntithe' ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte — neamhshainaitheanta, sean).

Le haghaidh cholún 22: Sonraigh na fógraí faoi ráigeanna ón mbliain ina ndearnadh an suirbhé. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 25 ('Nótaí').

Le haghaidh cholún 23: Sonraigh íogaireacht an tsuirbhé, mar a shainmhínítear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta (ISPM) 31. An leibhéal muiníne sin maidir le saoirse ó lotnaidí a bhaintear amach, déantar an luach sin a ríomh ar bhonn na scrúduithe (agus/nó ar na samplaí) a rinneadh i bhfianaise íogaireacht an mhodha agus leitheadúlacht an dearaidh.

Le haghaidh cholún 24: Sonraigh leitheadúlacht an dearaidh ar bhonn meastachán réamhshuirbhé ar leitheadúlacht iarbhír dhóchúil na lotnaide sa ghort. Socraítear leitheadúlacht an dearaidh mar sprioc de chuid an tsuirbhé agus comhfhreagraíonn sí don chomhréiteach atá á dhéanamh ag na bainisteoirí riosca idir an riosca go mbeidh an lotnaid ann agus na hacmhainní atá ar fáil don suirbhé. De ghnáth, socraítear luach 1 % le haghaidh suirbhé braite.